Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9413/23**

**COPEN 157**
**COTER 95**
**CT 96**
**ENFOPOL 245**
**JAI 621**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8738/23 + ADD 1, 8768/23 + ADD 1 + ADD 2 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7763/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht i dtaca le hathbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 196) d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a áirítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú<br>- An téacs mar a ghlac an Chomhairle é |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, téacs an Chinnidh thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) é ag an 3947ú cruinniú a bhí aici an 15 Bealtaine 2023, chomh maith leis na treoracha caibidlíochta a ghabhann leis.

Déanfar an Cinneadh ón gComhairle a chur in iúl don Choimisiún.

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht i dtaca le hathbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 196), d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a áirítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2022, thug Coiste Airí Chomhairle na hEorpa sainordú do Choiste Chomhairle na hEorpa um Chomhrac na sceimhlitheoireachta (‘CDCT’) tús a chur le caibidlíocht maidir leis an modhnú ar an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta atá le cur i bhfeidhm ag na Páirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun sceimhlitheoireacht a chosc (‘Coinbhinsiún Uimh. 196’).

(2) An 2 Nollaig 2022, chinn CDCT an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a mhodhnú agus tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil maidir le téacs an tsainmhínithe sin ag an gcruinniú a bhí aige an 23-25 Bealtaine 2023.

(3) Tá an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún Uimh. 196 agus an prótacal breise a ghabhann leis. D’fheidhmigh sé a inniúlacht trí Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a ghlacadh, lena mbunaítear rialacha íosta maidir le sainmhíniú dlíthiúil a dhéanamh ar chionta coiriúla agus ar smachtbhannaí i réimse na gcionta sceimhlitheoireachta agus na gcionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta.

(4) Cumhdaítear an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta le dlí an Aontais, go háirithe le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541, atá bunaithe ar an mbunús dlí dá bhforáiltear in Airteagal 83(1) CFAE. Leis an modhnú ar an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta i gCoinbhinsiún Uimh. 196, d’fhéadfaí difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna a bunaíodh le Treoir (AE) 2017/541 nó d’fhéadfaí raon feidhme na Treorach a athrú.

(5) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais, is gá don Choimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an modhnú ar an sainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta i gCoinbhinsiún Uimh. 196, le haghaidh ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith.

[1] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

(6) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do dheighilt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht, agus d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir leis an athbhreithniú nó an leasú ar Choinbhinsiún Uimh. 196 a thabhairt chun críche, a shíniú nó a dhaingniú.

(7) Cuirtear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo faoi bhráid an Choimisiúin agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

(8) I bhfianaise na mBallstát uile a bheith ina gComhaltaí de Chomhairle na hEorpa freisin, ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chaibidlíocht tacaíocht a thabhairt d'idirbheartaí an Aontais agus na cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí á gcomhlíonadh acu, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) CAE, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu.

(9) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis chaibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmháil rialta le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe in Strasbourg.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear leis na conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, faoi athbhreithniú nó leasú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (CETS Uimh. 196), d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a áirítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN), a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don choiste speisialta dá dtagraítear sa chéad mhír maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus cuirfidh sé gach doiciméad caibidlíochta ar aghaidh chuig an gcoiste sin a luaithe is féidir.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

Aguisín

## TEORACHA CAIBIDLÍOCHTA

Maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(1) Go mbeidh an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.

(2) Go ndéanfar an t-ionchur a gheofar ó na Páirtithe sa Choinbhinsiún a mheas ar bhonn comhionann chun próiseas cuimsitheach a áirithiú.

(3) Go mbeidh an próiseas caibidlíochta bunaithe ar chlár oibre éifeachtach réadúil.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(4) Go mbeidh an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta sa Choinbhinsiún comhoiriúnach, a mhéid is féidir, do dhlí an Aontais agus d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2017/541.

(5) Gur léiriú leordhóthanach cuimsitheach é an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta ar raon feidhme na gcionta sceimhlitheoireachta, agus ar an mbagairt sceimhlitheoireachta atá ag leathnú amach thar spriocanna traidisiúnta agus thar an ngnáth-*modus operandi*.

(6) Go mbeidh an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 bailí fós san Aontas agus go leanfar dá chur i bhfeidhm sa chaidreamh frithpháirteach idir na Ballstáit a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm.

(7) Go n-áiritheofar leis an gcaibidlíocht go n-urramófar cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(8) Go leagfar amach an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta sa Choinbhinsiún ar bhealach lena n-áiritheofar soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil.

(9) Gur i dtéarmaí ginearálta a dhéanfar an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a fhoirmliú. Go mbeidh an fhoclaíocht chomh comhoiriúnach agus is féidir do dhlí ábhartha an Aontais agus do chonarthaí frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(10) Go mbeidh an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta sa Choinbhinsiún comhréireach, a mhéid is féidir, leis an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541.

(11) Go mbeidh eilimintí an tsainmhínithe ar chionta sceimhlitheoireachta atá sa Choinbhinsiún comhsheasmhach leis an gcur chuige dhá chraobh atá in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541, i mír 1 de ina liostaítear na gníomhartha intinniúla lena bhféadfaí damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta, gníomhartha atá cáilithe mar chionta sceimhlitheoireachta nuair a dhéantar iad mar gheall ar cheann de chúiseanna na sceimhlitheoireachta a liostaítear i mír 2 de.

(12) I gcás nuashonrú ar an bhFoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, de bharr conarthaí nua frithsceimhlitheoireachta, go mbeidh na cionta a shainmhínítear sna conarthaí sin agus a raon feidhme comhoiriúnach do liosta na gcionta coiriúla in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541.

Maidir le feidhmiú an Choinbhinsiúin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(13) Go gcaomhnóidh an Coinbhinsiún, arna athbhreithniú nó arna leasú, na hionstraimí domhanda agus réigiúnacha atá ann cheana agus an comhar idirnáisiúnta a bhfuiltear ag leanúint de sa chomhrac domhanda i gcoinne na cibearchoireachta.

(14) Go gcaomhnóidh an Coinbhinsiún, arna athbhreithniú nó arna leasú, a shásra cur chun feidhme agus a fhorálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear réiteach díospóidí, síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, cur ar fionraí agus séanadh.

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(15) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Coinbhinsiún, arna athbhreithniú nó arna leasú, comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

(16) Ní mór an chaibidlíocht a ullmhú i bhfad roimh ré. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil agus roinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

(17) Roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag Meitheal COPEN chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádais a cheapadh, de réir mar is iomchuí.

(18) Tuairisceoidh an Coimisiún do Mheitheal COPEN maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin chaibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

(19) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle le Meitheal COPEN.